



Lucsamburg, 08.06.2023

TAGAIRT: CDT-AD5-2023/05
AISTRITHEOIRÍ LAITVISE, SLÓVAICISE AGUS SLÓVÉINISE

GRÁD: AD5
ROINN: AISTRÍÚCHÁN
ÁIT FOSTAÍOCHTA: LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Is i Lucsamburg atá sé lonnaithe. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 110 aistritheoirí fostaithe ina fhoireann anois.

I gcomhréir le hAirteagal 11 den chinneadh ón Ionad Aistriúcháin lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir leis an nós imeachta lena rialaítear fostú agus úsáid ball foirne sealadach faoi airteagal 2(f), tá an tIonad Aistriúcháin ag eagrú nós imeachta roghnúcháin anois chun liosta ionadaithe¹ a bhunú le baill foirne shealadacha² a earcú a mbeidh na trí phróifíl seo a leanas acu:

- (a) aistritheoir a bhfuil Laitvis mar phríomhtheanga aige/aici
- (b) aistritheoir a bhfuil Slóvaicis mar phríomhtheanga aige/aici
- (c) aistritheoir a bhfuil Slóivéinis mar phríomhtheanga aige/aici

i gcás ina gciallaíonn “príomhtheanga” máthairtheanga nó teanga a bhfuil cumas coibhéiseach ag na hiarratasóirí uirthi.

Áireofar leis na cúraimí a bheidh orthu téacsanna a aistriú ó Bhéarla agus ó theangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh go Laitvis, go Slóvaicis nó go Slóivéinis agus athbhreithniú a dhéanamh ar théacsanna arna n-aistriú ag conraitheoirí seachtracha go Laitvis, go Slóvaicis nó go Slóivéinis.

A. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN:

Chun bheith incháilithe le páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo ní mór don iarratasóir, an dáta deiridh le hiarratais ar líne a chur isteach (07.07.2023 21.07.2023), na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

¹ Féadfar an liosta ionadaithe céanna sin a úsáid chun baill foirne shealadacha a earcú faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus chun foireann ar conradh a earcú faoi Airteagal 3(a) de na Choinníollacha céanna sin. Is féidir an liosta ionadaithe a roinnt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais freisin i gcás riachtanais seirbhíse.

² Baill foirne inmheánacha atá fostaithe mar fhoireann shealadach faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (grúpa feidhme AD), is féidir leo an foilseachán seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar fhoilsiú inmheánach.

(1) CRITÉIR INCHÁILTHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit den Aontas Eorpach;
- cáilíochtaí: leibhéal oideachais arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith aige/aici³;
- eolas ar theangacha:
 - Teanga 1 (príomhtheanga):
 - Don phróifíl Laitvise: sáreolas ar Laitvis (Leibhéal C2⁴),
 - Don phróifíl Slóvaicise: sáreolas ar an tSlóvaicis (Leibhéal C2),
 - Don phróifíl Slóivéinise: sáreolas ar an tSlóivéinis (Leibhéal C2),
 - Teanga 2 (an chéad teanga fhoinseach): sáreolas ar Bhéarla (Leibhéal C1 nó níos airde),
 - Teanga 3 (an dara teanga fhoinseach): eolas an-mhaith ar Fhraincis nó ar Ghearmáinis (Leibhéal B2 nó níos airde).

(2) INNIÚLACHTAÍ AGUS SCILEANNA SONRACHA

Bheadh na nithe seo a leanas ina mbuntáiste:

- bheadh eolas ar theanga oifigiúil amháin ar a laghad den Aontas Eorpach seachas teangacha 1, 2 agus 3 a luaitear i bpointe A(1) ina bhuntáiste (Bulgáiris, Spáinnis, Seicis, Danmhairgis, Gearmáinis, Eastóinis, Gréigis, Francis, Gaeilge, Cróitis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Ungáiris, Máltais, Ísiltíris, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Fionnlainnis agus Sualainnis);
- eolas ar uirlisí Aistriúcháin Ríomhchuidithe;
- eolas ar bhainistíocht téarmaíochta;
- taithí oibre sé mhí ar a laghad mar aistritheoir;
- taithí oibre mar aistritheoir in institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh nó in eagraíocht idirnáisiúnta.

B. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

(1) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá luaite i bpointe A(1) agus is é an aidhm atá leis a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá sonraithe sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na critéir.
- Cuirfear san áireamh sa dara cuid taithí ghairmiúil agus na “Inniúlachtaí agus na scileanna sonracha” atá luaite i bpointe A(2). Déanfar an chuid seo a mharcáil bunaithe ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 10).

I gcás gach próifíle teanga (Laitvis, Slóvaicis agus Slóivéinis), tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh chuig céim an roghnúcháin do na **20** iarratasóir a bhfuil na marcanna is airde bainte amach acu sa chéim réamhroghnúcháin.

³ Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

⁴ Sainmhínítear na leibhéil de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CEFR).

(2) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Cuirfean an chéim roghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

(a) Triail scríofa ina bhfuil na nithe seo a leanas:

(i) aistriúchán ó theanga 2 (Béarla) go teanga 1 (Laitvis, Slóvaicis nó Slóivéinis faoi seach) ar théacs ina bhfuil thart ar 25 líne chun measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí ginearálta agus scileanna teanga na n-iarratasóirí a mhéid is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus ar na hinniúlachtaí sonracha a bhaineann lena bpróifílí. Ceadáítear do na hiarratasóirí úsáid a bhaint as foclóirí neamhleictreonacha atá le tabhairt go dtí an tástáil.
An t-am a cheadáítear: 1 uair.

(ii) aistriúchán ó theanga 3 (Gearmáinis nó Fraincis) go teanga 1 (Laitvis, Slóvaicis nó Slóivéinis faoi seach) ar théacs ina bhfuil thart ar 25 líne chun measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí ginearálta agus scileanna teanga na n-iarratasóirí a mhéid is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus ar na hinniúlachtaí sonracha a bhaineann lena bpróifílí. Ceadáítear do na hiarratasóirí úsáid a bhaint as foclóirí neamhleictreonacha atá le tabhairt go dtí an tástáil.
An t-am a cheadáítear: 1 uair.

(iii) athbhreithniú ar théacs a aistríodh ó theanga 2 (Béarla) go teanga 1 (Laitvis, Slóvaicis nó Slóivéinis faoi seach) ina bhfuil tuairim is 25 líne, chun measúnú a dhéanamh ar inniúlachtaí ginearálta agus scileanna teanga na n-iarratasóirí a mhéid is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh agus ar na hinniúlachtaí sonracha a bhaineann lena bpróifílí. Ceadáítear do na hiarratasóirí úsáid a bhaint as foclóirí neamhleictreonacha atá le tabhairt go dtí an tástáil.
An t-am a cheadáítear: 30 nóiméad.

Déanfar gach triail scríofa a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12).

Mura n-éiríonn le hiarratasóir i dtrial (i), ní dhéanfar trialacha (ii) ná (iii) a mharcáil. Má éiríonn le hiarratasóir i dtrial (i) ach mura n-éiríonn leis nó léi i dtrial (ii), ní dhéanfar trial (iii) a mharcáil.

(b) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarratasóirí na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh. Díreofar san agallamh freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar an gcumas atá acu chun oibriú i dtimpeallacht ilchultúrtha.
An t-am a cheadáítear: 45 nóiméad.

Tabhair do d'aire nach dtabharfar cuireadh chun agallamh ach amháin d'iarratasóirí ar éirigh leo sa triail scríofa.

Is i mBéarla den chuid is mó a réachtálfar an t-agallamh. Féadfar triail a chur i ndáil le teangacha eile de réir an dearbhairthe a dhéanfaidh na hiarrthóirí maidir le heolas ar theangacha.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 (pasmharc: 12).

Réachtálfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg nó go cianda. Na hiarratasóirí a dtabharfar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, gheobhaidh siad an fhaisnéis ábhartha uile in am trátha.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtabharfar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar lá an agallamh ar a dhéanaí, is iad sin na doiciméid iad a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais, mar atá cóipeanna de dhioplómaí, cruthúnas náisiúntachta, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithe ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a gcúraimí, etc. Más ar bhonn cianda a réachtáiltear na trialacha, féadfaidh na hiarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a chur ar an ríomhphost chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

Nuair a bheidh na trialacha scríofa agus na hagallaimh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnúcháin liosta ionadaithe ina gcuimseofar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo, in ord aibítire. Is iad na hiarratasóirí rathúla na hiarratasóirí sin a ghnóthaigh pasmharc comhiomlán sa triail scríofa mar aon le pasmharc san agallamh (féach pointí 2(a) agus 2(b) thuas). Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach gcinntítear tairiscint poist trí áit a bheith acu ar liosta ionadaithe.

Sula mbunófar na liostaí ionadaithe, déanfaidh an Coiste Roghnúcháin anailís ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí ar éirigh leo san agallamh agus sa triail scríofa.

Ina theannta sin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha a sholáthar, ina gcruthaítear go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta.

Más rud é go bhfaightear amach, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin nó earcaíochta, gur falsaíodh go feasach an fhaisnéis a tugadh in iarratas, dícháileofar an t-iarrthóir.

Dícháileofar iarrthóirí freisin más rud é:

- nach gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta go léir ag an spriocdháta le haghaidh iarratas;
- go dteipeann orthu na doiciméid tacaíochta riachtanacha a sholáthar.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31.12.2023 agus féadfar síneadh a chur leis de rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

C. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint d'iarratasóirí rathúla de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfaí ceangal a chur ar an iarratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Earcófar na hiarratasóirí roghnaithe sa ghrád AD 5. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád AD 5 (céim 1) agus EUR 5,361.87. Mar aon leis an mbuntuarastal, d'fhéadfadh go mbeadh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal), etc.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi de réir an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)⁵;
- dul faoi scrúdú leighis atá eagraithe ag an Ionaid Aistriúcháin d'fhonn ceanglais Airteagal 12 (2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

D. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ní mór d'iarratasóirí ar spéis leo an post seo a n-iarratas ar líne a líonadh isteach in Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) roimh an sprioc-am.

Ba cheart do na hiarratasóirí an teanga inar mian leo iarratas a dhéanamh a roghnú tríd an bhfolúntas comhfhreagrach atá ar fáil ar thairseach post CdT a roghnú.

⁵ Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

Molaimid go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. De réir na taithí atá againn, d'fhéadfadh ró-ualach a bheith ar an gcóras sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh sé deacair iarratas a dhéanamh in am.

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil leis an rannóg Acmhainní Daonna trí ríomhphost a sheoladh chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tlonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta nó staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfaí a mheas gur cinn iad a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas.

E. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí a mheasann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith - féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach larscríbhinn I).

IARRATAÍ Ó IARRTHÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINNEANN LEO

Tá an ceart sonrath ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanfadh an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarrataí den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin laistigh de mhí amháin ón uair a chuirfear in iúl dóibh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Pléifear le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin faoi na Rialacháin Foirme.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tlonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar a éilítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, Ich 39). Baineann sé seo go háirithe le rúndacht agus sábháilteacht sonraí den sórt sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach an [fógra príobháideachais sainiúil](#).

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil na himeachtaí go léir faoi rún. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAÍ AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Seol litir, ag iarraidh faisnéis bhreise nó athbhreithniú agus ag sonrú do cháis, chuig:
Le cur faoi bhráid Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin CDT-AD5-2023-05
An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12 E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

Faoi bhráid: An tÚdarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích CDT-AD5-2023-05
An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12 E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15 – [EUR-Lex - 32013R1023 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](#)), tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

An tÚdarás atá údaraithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, tabhair faoi deara nach bhfuil de chumhacht aige na cinntí a dhéanfaidh Coiste Roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnúcháin faoi réir a hathbhreithnithe ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

An tOmbudsman Eorpach
1 avenue du Président-Robert-Schuman – CS 30403
F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom (IO L 253, 16.7.2021, lgh. 1-10).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse sin faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin, faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom, nach mór dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na hinstiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfar aon ghearán leis an Ombudsman.